AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 2.2.2022
COM(2022) 30 final

Pacáiste caighdeánúcháin

TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA AGUS CHUIG AN gCOMHAIRLE

maidir le cur chun feidhme Rialachán (AE) Uimh. 1025/2012 ó 2016 go dtí 2020

1 Réamhrá

Rialachán (AE) Uimh. 1025/2012[1] (dá ngairfear 'an Rialachán' anseo feasta), is rialachán é lena sholáthraítear an creat dlíthiúil lena gcuirtear ar chumas an Choimisiúin a iarraidh ar Eagraíochtaí Eorpacha um Chaighdeánú (ESOnna)[2] caighdeáin agus táirgí caighdeánúcháin a dhréachtú maidir le hearraí agus seirbhísí chun tacú le beartais AE agus le dlí an Aontais, is rialachán é lena riartar tacaíocht an Aontais don chóras Eorpach um chaighdeánú (CEC), agus is rialachán é lena leagtar príomhchritéir amach maidir le feidhmiú ESS.

Faoi Airteagal 24(3) den Rialachán, tuairisceoidh an Coimisiún maidir lena chur chun feidhme gach 5 bliana. Foilsíodh an chéad tuarascáil in 2016, tuarascáil lenar cumhdaíodh an tréimhse 2013-2015[3]. Is í an tréimhse 2016-2020 go príomha a chumhdaítear leis an tuarascáil seo – is cumhdach é sin a bhfuil teorainn leis sa mhéid agus go bhfuil roinnt sonraí ann a bhí ar fáil go dtí 2019 agus nach raibh ar fáil ina dhiaidh sin, ach tá fíricí agus figiúirí san áireamh freisin atá cothrom le dáta anuas go dtí 2021. Le hAirteagal 24(1) agus (2) den Rialachán ceanglaítear ar na ESOnna agus ar eagraíochtaí eile a fhaigheann maoiniú ón Aontas tuarascálacha bliantúla a thíolacadh maidir lena gcuid gníomhaíochtaí. Cuireadh na tuarascálacha sin san áireamh agus an tuarascáil seo á hullmhú. Coimisiúnaíodh staidéar neamhspleách[4] chun tacú le bailiú sonraí.

2 Cur chun feidhme an Rialacháin

Sheol an Coimisiún roinnt tionscnamh agus beart chun tacú le cur chun feidhme an Rialacháin. Chun tacú le Straitéis 2015 maidir leis an Margadh Aonair[5], sheol an Coimisiún Tionscnamh Comhpháirteach maidir le Caighdeánú (JIS) mar chuid de Phacáiste Caighdeánúcháin 2016[6]. Is é ab aidhm don tionscnamh sin ESS a nuachóiriú ar mhaithe lena tharraingteacht, a éifeachtacht agus a éifeachtúlacht a chaomhnú, agus sin a dhéanamh de réir cur chuige il-gheallsealbhóirí comhpháirtíochta. Rinneadh an tionscnamh a mhiondealú ina 15 fhobheart éagsúla, agus tá doiciméid ar fáil go poiblí[7]. Cuireadh cuntas ar staid na himeartha ar fáil in Eanáir 2018[8]. Agus na tionscnaimh agus na gníomhaíochtaí sin á gcur san áireamh freisin, is féidir cur chun feidhme reatha an Rialacháin a achoimriú mar seo a leanas.

---

[1]Rialachán (AE) Uimh. 1025/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Deireadh Fómhair 2012 maidir le caighdeánú Eorpach, lena leasaítear Treoir 89/686/CEE agus Treoir 93/15/CEE ón gComhairle agus Treoracha 94/9/CE, 94/25/CE, 95/16/CE, 97/23/CE, 98/34/CE, 2004/22/CE, 2007/23/CE, 2009/23/CE agus 2009/105/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Cinneadh 87/95/CEE ón gComhairle agus Cinneadh Uimh. 1673/2006/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, IO L 316, 14.11.2012, lch. 12.

[2] Is iad na trí eagraíocht Eorpacha um chaighdeánú de réir bhrí an Rialacháin ná an Coiste Eorpach um Chaighdeánú (CEN), Coiste Eorpach na gCaighdeán Leictriteicniúil (CENELEC), agus Institiúid Eorpach na gCaighdeán Teileachumarsáide (ETSI).

[3]COM(2016) 212 final.

[4] Staidéar ar chur chun feidhme Rialachán (AE) Uimh. 1025/2012 (Airteagal 24) https://doi.org/10.2873/504681 agus https://doi.org/10.2873/593923

[5]COM(2015) 550 final

[6]COM(2016) 358 final

[7] https://ec.europa.eu/growth/single-market/european-standards/notification-system_en#jis

[8] https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/?uri=CELEX%3A52018SC0015

2.1 Trédhearcacht idir comhlachtaí um chaighdeánú (Airteagal 4)

Leagtar amach in Airteagal 4 den Rialachán ceanglais maidir le trédhearcacht caighdeán idir na ESOnna agus na comhlachtaí náisiúnta um chaighdeánú (NSBanna), agus idir na heintitis sin agus an Coimisiún.

Rochtain a bheith ag na ESOnna eile, NSBanna agus an Coimisiún ar dhréachtchaighdeáin agus trédhearcacht caighdeán, nithe a cheanglaítear le hAirteagal 4, is nithe iad a éascaíodh trí bhíthin uirlisí ar líne. Rochtain ar dhréachtchaighdeáin agus trédhearcacht caighdeán ar an leibhéal Eorpach faoi Airteagal 4 den Rialachán, is nithe iad a éascaíodh trí bhíthin na n-uirlisí ar líne arna gcur chun feidhme ag na ESOnna in 2015, ós uirlisí iad lenar tugadh sásra isteach a thugann rochtain dhíreach ar líne ar na dréachtchaighdeáin Eorpacha agus ar tháirgí caighdeánúcháin do chomhaltaí de ESOnna/geallsealbhóirí rannpháirteacha, don Choimisiún agus do Chomhlachas Saorthrádála na hEorpa (CSTE). Maidir le NSBanna, uirlisí ar líne lena n-éascaítear rochtain geallsealbhóirí áirithe ar dhréachtchaighdeáin náisiúnta, bhí uirlisí dá leithéid ag tuairim is 70% díobh in 2019. Mar sin féin, de réir an tuairiscithe atá déanta ag eagraíochtaí sochaí sibhialta agus ag fiontair bheaga agus mheánmhéide (FBManna), is dúshlán i gcónaí é rochtain ar ghníomhaíochtaí NSBanna.

2.1.1 Treoir

Rud eile a rinneadh ar mhaithe leis an trédhearcacht a chur chun cinn is ea gur ullmhaigh an Coimisiún i gcomhar leis na ESOnna, gur ullmhaigh sé **Vademecum**[9] in 2015 lenar tugadh treoir d'ionadaithe ESOnna, d'oifigigh de chuid an Choimisiúin, do Bhallstáit an Aontais agus do gheallsealbhóirí maidir leis an ról atá ag iarrataí ar chaighdeánú ón gCoimisiún[10], conas iarrataí ar chaighdeánú a ullmhú agus a ghlacadh[11] agus conas iad a chur i gcrích[12]. In 2016[13], d'eisigh an Coimisiún **seicliosta** ginearálta maidir leis na **ESOnna féinmheasúnú a dhéanamh** agus iad ag ullmhú agus ag seachadadh HENanna chun tacú le dlí an Aontais, rud a rinneadh ar mhaithe le cáilíocht na gcaighdeán agus na dtáirgí a chur chun cinn agus ionas gur chruinn mar a dhéanfaí luanna in IOAE. I gcásanna áirithe[14], i gcás réimsí beartais áirithe, cuireadh an seicliosta in oiriúint do shainiúlachtaí na bpíosaí reachtaíochta agus do riachtanais earnálacha eile.

Mar chuid de threoir chuimsitheach an Choimisiúin i ndáil le cur chun feidhme rialacha an Aontais maidir le táirgí, tá roinn shonrach maidir le caighdeáin sa **'Treoirleabhar Gorm'**[15] (Roinn 4.1.2 agus Iarscríbhinn VI)**.**

2.2 Cuimsiú agus rannpháirtíocht geallsealbhóirí, comhlachtaí taighde san áireamh (Airteagail 5 agus 9)

Ionadaíocht iomchuí agus rannpháirtíocht éifeachtach na ngeallsealbhóirí ábhartha uile ina gcuid gníomhaíochtaí caighdeánúcháin, FBManna, eagraíochtaí tomhaltóirí, agus

[9] SWD(2015) 205 final an 27/10/2015
[10] https://ec.europa.eu/docsroom/documents/13507/attachments/1/translations
[11] https://ec.europa.eu/docsroom/documents/13508/attachments/1/translations
[12] https://ec.europa.eu/docsroom/documents/13509/attachments/1/translations
[13] Ares(2016)6548298 an 22/11/2016
[14] e.g. Treoracha 2014/30/EU agus 2014/53/EU
[15] https://ec.europa.eu/growth/single-market/goods/building-blocks_en#blue-guide

geallsealbhóirí comhshaoil agus sóisialta san áireamh, is nithe iad sin a cheanglaíonn Airteagal 5 den Rialachán ar na ESOnna a spreagadh agus a éascú. Is iad na heagraíochtaí geallsealbhóirí sainaitheanta atá ag fáil maoiniú ón Aontas faoi láthair (eagraíochtaí ar a dtugtar 'eagraíochtaí Iarscríbhinn III' freisin) ná Caighdeáin do Ghnólachtaí Beaga (SBS), Guth an tomhaltóra Eorpaigh i leith an chaighdeánaithe (ANEC), an Chomhghuaillíocht Chomhshaoil um Chaighdeáin, agus Cónaidhm Eorpach na gCeardchumann (CEC), eagraíochtaí a dhéanann ionadaíocht ar FBManna, tomhaltóirí, leasanna comhshaoil agus leasanna oibrithe faoi seach.

Ar an **leibhéal Eorpach** (Airteagal 5(1) den Rialachán), tá eagraíochtaí Iarscríbhinn III incháilithe chun páirt a ghlacadh ar leibhéal an bheartais i gcomhlachtaí rialachais na ESOnna go léir, sin agus ar an leibhéal teicniúil i gcomhlachtaí teicniúla CEN-CENELEC agus i gcoistí teicniúla ETSI. Ó tíolacadh an tuarascáil dheireanach, táthar tar éis tabhairt faoi thionscnaimh nua ar mhaithe le cuimsiú agus rannpháirtíocht éifeachtach na n-eagraíochtaí sin a fheabhsú a thuilleadh.

In 2017, chuir CEN agus CENELEC athrú chun feidhme trínar féidir le heagraíochtaí neamhthionsclaíocha Iarscríbhinn III (ANEC, CEC agus ECOS) tuairimí foirmiúla a thíolacadh maidir le dréachtchaighdeáin (an 'ceart chun tuairime' mar a thugtar air). I gcás tuairim neamhfhabhrach, an coiste teicniúil atá freagrach as dréachtú an chaighdeáin atá i gceist, déanfaidh sé a mhachnamh a faoin údar a tugadh maidir leis an tuairim, agus tabharfaidh sé aiseolas. Is féidir gurb é an toradh a bheadh ar thuairim neamhfhabhrach go ndéanfaí athbhreithnithe ar an dréachtchaighdeán. As measc na dtuairimí foirmiúla ar fad a chuir na geallsealbhóirí sochaíocha ar fáil, 76% díobh a bhí fabhrach.

In 2017, sheol ETSI 'clár 3SI' chun dul i dteagmháil le heagraíochtaí Iarscríbhinn III. Ba chuid den chlár sin cruinnithe comhchéime le hoifigigh ETSI agus le hionadaí thar ceann na ngeallsealbhóirí atá laistigh de ETSI (an 'tAbhcóide 3SI') chun saincheisteanna cuimsiúcháin a phlé. Níor thug ETSI aon sásra isteach atá cosúil leo sin atá ag CEN agus CENELEC chun ról níos struchtúraí a thabhairt d'eagraíochtaí neamhthionsclaíocha Iarscríbhinn III sa phróiseas forbartha caighdeán, ceart foirmiúil chun tuairime cuir i gcás. An mhíshástacht atá ar SBS maidir lena chuimsithí atá ETSI, chuir sé sin in iúl i samhradh na bliana 2021 sa chomhairliúchán poiblí maidir leis an treochlár[16] i ndáil le straitéis um chaighdeánú a bheidh ag an gCoimisiún amach anseo, áit a ndúirt sé *'nach bhfuil acmhainní agus buiséid leordhóthanacha tiomnaithe ag ETSI go dtí seo chun cur lena chuimsitheacht*'[17], rud atá curtha in iúl ag comhlachas SME eile freisin[18]. An tuairisciú ábhartha a rinne eagraíochtaí eile arna maoiniú faoin Rialachán, tuairiscí dá dtagraítear in Airteagal 24, rinneadh tuairimí den chineál céanna a tharchur ann. Luaitear an méid a leanas i dtuarascáil ANEC maidir le 2019[19], cuir i gcás: '*Tá drogall ar ETSI a chuid forálacha maidir leis an gcuimsitheacht a dhoimhniú, ós rud é go gcreideann sé go bhfuil an Rialachán á chomhlíonadh aige. Mar sin féin, ní*

[16] https://ec.europa.eu/info/law/better-regulation/have-your-say/initiatives/13099-Standardisation-strategy_en.
[17] https://ec.europa.eu/info/law/better-regulation/have-your-say/initiatives/13099-Standardisation-strategy/F2665680_en
[18] https://ec.europa.eu/info/law/better-regulation/have-your-say/initiatives/13099-Standardisation-Strategy/F2665677_en
[19] https://ec.europa.eu/docsroom/documents/44748

chreideann eagraíochtaí Iarscríbhinn III nach bhfuil an Rialachán á chomhlíonadh aige'. Ar an gcaoi chéanna, deir ECOS[20]: '*Rannpháirtíocht Iarscríbhinn III in ETSI, is rud í atá fós níos casta ná rannpháirtíocht an dá ESO eile ann'.* Ceann de na pointí atá acu is ea nach féidir cuimsitheacht an phróisis a dheighilt ó chearta vótála, mar in ETSI, tá cearta vótála na ngeallsealbhóirí tionsclaíocha níos airde ná na comhchearta vótála atá ag aon chatagóir eile de gheallshealbhóirí nó d'údarás. Sciar na gceart vótála ETSI atá ag NSBanna ó Bhallstáit an Aontais, thart ar 2 % atá ann. Na cearta vótála atá ag geallsealbhóirí neamhthionsclaíocha eile (an tsochaí shibhialta, lucht léinn, taighde), is fíorbheag a mheánn siad i gcás vóta.

Tá na hábhair imní sin curtha in iúl ag catagóirí áirithe de gheallsealbhóirí freisin, rud atá tarlaithe i gcas na hinrochtaineachta go háirithe – roinnt ionadaithe thar ceann daoine atá faoi mhíchumas, níorbh fhurasta leo a aithint gur próiseas cuimsitheach a bhí ann, agus b'éigean dóibh a bheith ag brath ar idirchaidrimh le comhlachais tomhaltóirí. Cé nach sárú ar an Rialachán é an t-idirchaidreamh sin le comhlachais tomhaltóirí, na hábhair imní atá ag catagóirí éagsúla de gheallsealbhóirí, fágann siad go bhfuil an cheist ann cé acu a thugtar go leor airde ar an gcuimsitheacht nó nach dtugtar.

2.2.1 Comhlachtaí taighde

Maidir le cur chun feidhme Airteagal 5(2) agus Airteagal 9 den Rialachán, léirítear sna tuarascálacha ó na ESOnna[21] go raibh gníomhaíochtaí éagsúla ann a raibh baint ag eagraíochtaí taighde leo. Níl na tuarascálacha go hiomlán soiléir, áfach, maidir le héifeachtacht na ngníomhaíochtaí, e.g. maidir lena dtionchar ar ghlacadh caighdeán sonrach nó ar rannpháirtíocht mhéadaithe.

Rud eile de, i nDeireadh Fómhair 2016, shínigh CEN, CENELEC agus Airmheán Comhpháirteach Taighde an Choimisiúin Eorpaigh (JRC) comhaontú comhair chun an taighde agus an nuálaíocht a nascadh leis an gcaighdeánú, chun cabhrú le riachtanais chaighdeánaithe a thuar agus chun ailíniú maidir le tosaíochtaí straitéiseacha, comhaontú a athnuadh i nDeireadh Fómhair 2021[22].

Ina theannta sin chuaigh an tAirmheán Comhpháirteach Taighde i gcomhar le Comhlachas COST trí bhíthin JIS, rud a rinne sé trí fhaisnéis agus oiliúint a chur ar fáil maidir leis an tslí a dtéann an caighdeánú chun tairbhe don taighde agus don nuálaíocht a bhíonn ar siúl mar chuid de thionscadail COST. Tríd an nasc sin tá roinnt modúl oiliúna curtha ar fáil ag CEN-CENELEC ó bhí 2019 ann.

2.2.2 Uirlisí TFC

Thuairiscigh na ESOnna maidir leis an infheistíocht agus le húsáid uirlisí TFC chun feabhas a chur ar éifeachtúlacht ESS agus chun gníomhaíochtaí caighdeánúcháin a éascú (amhail comhar idir comhaltaí, cruinnithe, obair dhreáchtúcháin, rochtain doiciméad oibre agus táirgí caighdeánúcháin, an chianchumarsáid agus ciancheaduithe).

[20] https://ec.europa.eu/docsroom/documents/44749
[21] https://ec.europa.eu/growth/single-market/european-standards/notification-system_en#article24
[22] https://www.cencenelec.eu/news-and-events/news/2021/pressrelease/2021-10-21-jrc-cen-cenelec-renewed-cooperation/

2.3 Comhar idir NSBanna agus ESOnna

Na NSBanna agus na ESOnna, chun malartuithe dea-chleachtas a éascú, tá sásraí amhail grúpaí comhairleacha, coistí faireacháin, cruinnithe agus treoirlínte curtha i bhfeidhm acu. Baineann na trí ESO úsáid as roinnt uirlisí chun malartú dea-chleachtas eatarthu siúd agus idir toscaireachtaí náisiúnta a éascú agus a fheabhsú (amhail trí chruinnithe idir cinn na dtoscaireachtaí náisiúnta, cruinnithe a thionólann ETSI). Oibríonn na ESOnna i gcomhar le chéile freisin maidir le gníomhaíochtaí lena n-áirítear oideachas, oiliúint, agus taighde agus forbairt i réimsí éagsúla a bhaineann leis an gcaighdeánú, amhail comhghníomhaíochtaí oiliúna maidir leis an gcaighdeánú, gníomhaíochtaí a reáchtálann CEN-CENELEC.

Go déanach in 2021, chuir roinnt NSBanna in iúl go raibh imní orthu faoin ról atá acu laistigh de ETSI. Tá plé ag dul ar aghaidh idir ETSI agus roinnt NSBanna Eorpacha maidir le hiad a bheith aitheanta mar chomhpháirtithe straitéiseacha i dtaca leis an gcaighdeánú.

2.4 Rochtain FBManna ar chaighdeáin (Airteagal 6)

Faoi Airteagal 6(3) den Rialachán, ullmhóidh NSBanna tuarascáil bhliantúil maidir lena gcuid gníomhaíochtaí chun rochtain FBManna ar chaighdeáin agus ar na nósanna imeachta forbartha caighdeán a spreagadh agus a éascú. Áirítear leis sin freisin tuairisciú maidir le malartú dea-chleachtas lena ndírítear ar rannpháirtíocht FBManna a fheabhsú (i.e. Airteagal 6(2) den Rialachán). Tá staitisticí beachta maidir leis an ábhar seo sa staidéar a thacaíonn leis an tuarascáil seo[23], staidéar ina dtaispeántar sé líon na NSBanna a cheadaíonn ionadaíocht a dhéanamh ar an gcatagóir geallsealbhóirí lena mbaineann, de réir an tábla thíos. Mar shampla, léiríonn an chéad luach sa tábla (29/33) gur 29 NSBanna a cheadaigh ionadaíocht a dhéanamh ar FMBanna in CEN, as measc na 33 NSB a raibh baint acu leis an ESO sin.

Geallse albhóirí /ESO / bliain	**CEN**				**CENELEC**				**ETSI**			
	2016	**2017**	**2018**	**2019**	**2016**	**2017**	**2018**	**2019**	**2016**	**2017**	**2018**	**2019**
FBManna	29/33	30/34	31/34	31/34	29/33	30/34	31/34	31/34	28/39	29/39	29/39	30/39
Tomhaltóirí	25/33	24/34	25/34	25/34	20/33	20/34	22/34	22/34	26/39	27/39	27/39	27/39
Geallse albhóirí comhshaoil	24/33	24/34	26/34	26/34	18/33	20/34	23/34	23/34	22/39	23/39	23/39	23/39
Geallse albhóirí sóisialta	21/33	20/34	23/34	22/34	17/33	18/34	20/34	20/34	19/39	20/39	20/39	20/39

Is fiú a thabhairt faoi deara i gcásanna áirithe go bhfuil líon iomlán na NSBanna comhlachaithe i bhfad níos airde ná líon na dTíortha AE agus LEE. Is é an chúis atá leis sin go gcuimsíonn ESOnna NSBanna neamh-AE agus neamh-LEE ina bpróisis forbartha.

Píosa suntasach eolais a luaitear sa staidéar is go raibh NSBanna in CEN agus CENELEC '*ag deonú rátaí níos mó agus níos speisialta do FBManna chun páirt a ghlacadh i*

[23] https://doi.org/10.2873/504681

ngníomhaíochtaí caighdeánúcháin idir 2015 agus 2019, agus gur treocht in ísle a tháinig ar na rátaí speisialta den chineál sin a cuireadh ar fáil i gcás NSBanna ETSI'. Maidir leis an ábhar sin, tá an méid seo a leanas i dtuarascáil 2019 ETSIN [24]: *'Ní faoi phrionsabal na toscaireachta náisiúnta a fheidhmíonn ETSI, mar sin rannpháirtíocht a gcuid [FBManna] in eagraíocht theicniúil ETSI agus in obair ETSI, is rud í a eascraíonn go díreach as a mballraíocht in ETSI [...]. Ní gá do na geallsealbhóirí sin a mbarúlacha a chur isteach trí NSBanna ETSI ach le linn an phróisis formheasa phoiblí*'.

2.5 Rannpháirtíocht na nÚdarás Poiblí sa Chaighdeánú Eorpach (Airteagal 7)

Maidir le cur chun feidhme Airteagal 7 den Rialachán, is beag faisnéis chórasach oifigiúil atá sna tuarascálacha chuig an gCoimisiún maidir le rannpháirtíocht na nÚdarás Poiblí i ngníomhaíochtaí caighdeánúcháin. Is iondúil go luaitear bearta 4 agus 9 JIS[25] mar chleachtaí oiriúnacha i dtuairiscí ó na ESOnna[26]. Toisc nach bhfuil sonraí beachta ar fáil, tharlódh go mbeartófaí ionstraim faireacháin a úsáid amach anseo.

2.6 Cláir Oibre Bhliantúla an Aontais (Airteagal 8)

I gcomhréir le hAirteagal 8, tá Cláir Oibre Bhliantúla Aontais maidir le caighdeánú Eorpach glactha ag an gCoimisiún[27]. Le Cláir Oibre Bhliantúla an Aontais, tugann an Coimisiún treoir do na ESOnna maidir le hobair a dhéanamh ar chaighdeáin agus ar tháirgí caighdeánúcháin, sin agus maidir le treisiú le rannpháirtíocht fiontar beag agus meánmhéide agus geallsealbhóirí sochaíocha sa phróiseas. Rinneadh an doiciméad a mhúnlú de réir a chéile ar mhaithe le tosaíochtaí a chur in iúl maidir le beartais AE ionas go bhfuil treoir ann agus go dtuigtear cé leis a bhfuiltear ag súil ó thaobh lucht déanta beartas de, agus ar mhaithe le treoir níos fearr a thabhairt do na geallsealbhóirí caighdeánúcháin a mhéid a bhaineann leis an seachadadh.

2.7 Iarrataí ar chaighdeánú (Airteagal 10)

D'eisigh an Coimisiún 35 SR sa tréimhse 2015-19, agus d'eisigh siad naoi gcinn eile in 2020. As measc na 44 SR sin, diúltaíodh sé cinn díobh (13.6%). Is minic a thuairiscigh na ESOnna na cúiseanna seo a leanas le diúltú: easaontú maidir le caighdeáin áirithe a iarradh; easaontú maidir le ceanglais áirithe a bhí sa SR; sonraíochtaí teicniúla áirithe a iarradh, easaontú maidir le hiad a bheith riachtanach chun tacú le buncheanglas sonrach; nó easaontú leis na spriocdhátaí a leagadh síos maidir le seachadadh caighdeán a iarradh.

Is rud é diúltú SRanna ar féidir tionchar suntasach a bheith aige ar (i) Margadh Inmheánach cóir éifeachtach a chur chun feidhme; (ii) iomaíochas tionscal; (iii) rannpháirtíocht geallsealbhóirí sochaíocha; agus (iv) ceannasacht theicneolaíoch an Aontais. Is féidir freisin go dtiocfadh sé i gceist dá bharr go mbeifí ag brath ar chaighdeáin neamh-AE, agus tharlódh sa chás sin nach mbeadh sé soiléir cé chomh cuimsitheach is a bheadh an próiseas a leanadh.

[24] https://ec.europa.eu/docsroom/documents/44751
[25] Gníomh 4: Cur leis an bhfeasacht maidir le caighdeánú in údaráis phoiblí náisiúnta; Gníomh 9: Cuimsitheacht, trédhearcacht agus rannpháirtíocht éifeachtach na ngeallsealbhóirí uile sa Chóras Eorpach um Chaighdeánú;
[26] https://ec.europa.eu/growth/single-market/european-standards/notification-system_en#annual
[27] https://ec.europa.eu/growth/single-market/european-standards/notification-system_en#annual

Maidir le SRanna a chur i gcrích, tharla sé freisin, in ainneoin SR a bheith glactha ag CEN, nár cuireadh ach cuid de chun feidhme[28].

2.7.1 Tacaíocht an Choimisiúin do chur i gcrích na n-iarrataí ar chaighdeánú (HAS)

Roimh 2018, bhí conradh seirbhíse ann ('Comhairleoirí Cur Chuige Nua' – NACanna) chun cabhrú leis na ESOnna a fhíorú go raibh na dréacht-HENanna ag comhlíonadh iarratas an Choimisiúin. Faoin gconradh sin, bhí teorainn le ráta ratha na dtáirgí caighdeánúcháin a luadh in IOAE, agus de réir a chéile bhí na caighdeáin gan lua ag carnadh leo ionas go raibh riaráiste suntasach ann. I mí an Mhárta 2017, bhí 596 HEN neamhphróiseáilte arna dtíolacadh ag na ESOnna liostaithe i mbunachar sonraí inmheánach an Choimisiúin. Chun go mbeadh seirbhís éifeachtach ann chun an Rialachán a chur chun feidhme, d'iarr an Coimisiún conradh nua seirbhíse[29] ('HAS'). Agus an córas nua á chur chun feidhme aige, d'fhéach an Coimisiún chuige gur réitíodh roinnt fadhbanna sainaitheanta a bhí ann san am a chuaigh thart agus leis na nithe seo a leanas a áirithiú:

- cineál deonach na seirbhíse do na ESOnna, rud atá i gcomhréir freisin leis an scéim NAC a bhí ann roimhe seo;
- deighilt shoiléir idir róil – ní dhéanann sainchomhairleoirí ábhar na HENanna a dhréachtú ná a chaibidliú, díríonn siad ar mheasúnú a dhéanamh ar cé acu a chomhlíonann na HENanna riachtanais dhlí an Aontais nó nach gcomhlíonann;
- seirbhísí earnálacha a bheith ar fáil chun treoir a thabhairt maidir le hábhair amhrais nua, ceisteanna nua nó saincheisteanna nua a d'fhéadfadh a bheith ann agus HENanna á ndréachtú; agus
- ról an Choimisiúin maidir leis an gcinneadh deiridh HENanna a lua in IOAE.

Rinne an Coimisiún obair na gcomhairleoirí HAS a struchtúrú sa tslí nach gcuirfí moill ar tháirgeadh HENanna.

I Nollaig 2021, tar éis theacht i bhfeidhm chóras na gcomhairleoirí HAS, riaráiste na HENanna neamh-mheasúnaithe agus neamhphróiseáilte a thíolaic ESOnna ionas go luafaí in IOAE iad, bhí laghdú tagtha air ionas nach raibh fágtha ach dhá cheann ó 2018 agus cúig cinn ó 2019, agus táthar ag feitheamh le cinneadh ón gComhairle maidir leo sin faoi láthair.

Ón 9 Nollaig 2021 i leith, an conraitheoir de chuid an Choimisiúin atá ag bainistiú na gcomhairleoirí HAS, tá 3312 iarraidh ar mheasúnuithe ar dhréacht-HENanna faighte aige ó na ESOnna faoi 21 phíosa reachtaíochta de chuid an Aontais, agus díobh sin, 2944 cinn a próiseáladh agus 368 gcinn a bhí neamh-incháilithe[30]. Sna hearnálacha uile, ní raibh toradh dearfach ach ar 27,58 % de na measúnuithe HAS ar fad[31], agus is é an príomhchúis a bhí leis sin nach rabhthas ag teacht le dlí an Aontais, rud a léirigh gur gá tuilleadh dua a chaitheamh le

[28]I gcás Threoir 2014/90/AE maidir le Trealamh Muirí, in ainneoin gur ghlac CEN SR M/557, níl dul chun cinn déanta ag an gCoiste Teicniúil atá freagrach maidir lena chur chun feidhme a mhéid a bhaineann le píobáin.
[29] https://ec.europa.eu/growth/content/technical-assistance-area-harmonised-standards_en
[30]E.g. toisc nach rabhthas gaolmhar le HENanna nó de bharr iarrataí iomarcacha
[31]Nóta: déantar measúnú ar chaighdeán aonair idir dhá uair agus ceithre huaire, agus déantar é a chomhaireamh ar leithligh sna staitisticí seo gach uair. Mar sin, an uimhir a thaispeántar, ní léiríonn sí na measúnuithe diúltacha a tharlaíonn ag céim dhéanach.

próiseas forbartha caighdeán – e.g. laistigh de na coistí teicniúla – ionas go mbeadh an obair níos ailínithe leis na ceanglais bheartais agus na ceanglais dhlíthiúla.

2.7.2 Táirgeadh agus lua HENanna

In 2016 agus in 2017, an mhoill a bhí ar luanna HENanna áirithe, is saincheist í a tharraing geallsealbhóirí anuas. Mar thoradh air sin, tá faireachán á dhéanamh ag an gCoimisiún ar chéimeanna éagsúla an phróisis ó 2018 i leith agus tuairiscítear anseo na torthaí gaolmhara maidir leis an mbliain 2020.

In 2018-2020, fuair an Coimisiún **1247 HEN** a thacaigh le reachtaíocht an Aontais. **238** díobh sin, is éard a bhí gceist leo HENanna a bhí ann cheana a thíolcadh arís faoi Rialacháin nua. Dá bhrí sin, is é **1009** an líon caighdeán a bhí á dtíolacadh as an nua, **76** ceartúchán agus **267** leasú san áireamh.

San anailís seo a leanas, díríonn an tuarascáil seo ar na HENanna a tíolacadh as an nua, HENanna arb é seo thíos a ndáileadh de réir bliana agus de réir ESO:

HENanna seachadta	2018	2019	2020	Total
CEN	231	216	129	576
CENELEC	134	161	104	399
ETSI	8	11	15	34
Iomlán	373	388	248	1009

Faoin 9 Nollaig 2021, bhí **576** HEN luaite in IOAE, bhí **17** HEN i bpróiseas a luaite, bhí **371** ann nár glacadh leo agus bhí **45** ann a rabhthas ag feitheamh le cinneadh ina dtaobh.

De réir bunachair sonraí inmheánacha an Choimisiúin, bunachair a idirghníomhaíonn le huirlisí TF ESO, is é 100 lá an t-am airmheánach a bhíonn ann idir glacadh HEN ag CEN, CENELEC nó ETSI, agus seachadadh foirmiúil HEN chuig an gCoimisiún le haghaidh a luaite in IOAE. Ciallaíonn sé sin go mb'fhéidir go mbeadh 3 mhí ann sula gcuirfeadh na ESOnna caighdeán faoi bhráid an Choimisiúin tar éis an caighdeán sin a bheith curtha ar fáil go poiblí (i.e. ar fáil lena cheannach), agus sula bhféadfadh an Coimisiún tús a chur le measúnú agus próiseáil an HEN le haghaidh a luaite in IOAE[32]. Tá an t-achar meánach (idir lúibíní sa tábla thíos) i bhfad níos airde, mar gheall ar roinnt cásanna tromchúiseacha[33].

An t-achar ama (laethanta) airmheánach (agus meánach) idir glacadh ag ESO agus seachadadh chuig an gCoimisiún	2018	2019	2020	Iomlán

[32]Ní féidir leis an gCoimisiún tús a chur lena phróiseáil inmheánach féin ar HENanna go dtí go mbíonn siad seachadta go foirmiúil chuig an gCoimisiún ag na ESOnna.

[33]Is é is cúis leis an neamhréireacht mhór maidir le CENELEC gur cuireadh isteach i dteannta a chéile seanchaighdeáin áirithe agus leasuithe a rinneadh le déanaí a bhaineann leis na caighdeáin sin. Toisc go dtéann cuid de na seanchaighdeáin sin siar go dtí na 1990idí, tá moill maidir lena dtíolacadh curtha san áireamh sa mheán, agus dá bhrí sin tá na torthaí claonta. Go háirithe, formhór na gcaighdeán as a n-eascraíonn na moilleanna móra sin, is éard atá i gceist leo táirgí faoi iarrataí ar chaighdeánú ón gCoimisiún i gcomhthéacs na reachtaíochta éicidhearthóireachta.

CEN	75 (115)	105 (199)	70 (91)	83 (141)
CENELEC	218 (424)	189 (1374)	82 (481)	186 (822)
ETSI	29 (27)	49 (58)	20 (29)	28 (38)
Iomlán	109 (224)	117 (683)	75 (251)	100 (407)

Maidir le próiseáil HENanna ag an gCoimisiún féin, tá laghdú tagtha de réir a chéile ar an achar (airmheánach) a bhíonn ann idir na ESOnna seachadadh a dhéanamh chuig an gCoimisiún agus lua in IOAE[34], mar a léirítear sa tábla thíos. An tréimhse phróiseála ní b'fhaide a bhí de dhíth ar an gCoimisiún in 2019, is rud í a tháinig i gceist de bharr an athraithe ar an modh foilsithe (ó shraith C de IOAE go dtí sraith L de IOAE), rud a d'fhág go raibh gá le hidirthréimhse oiriúnaithe. Ó shin i leith, tá an Coimisiún tar éis fad a phróisis féin a laghdú go mór. In 2020 agus 2021, d'fheidhmigh an Coimisiún ní b'fhearr ná in 2018 (tráth a bhíodh lua HENanna in IOAE fós á dhéanamh faoi na nósanna imeachta maidir le foilsiú i sraith C de IOAE).

	2018	**2019**	**2020**	**2021**
An t-achar ama (laethanta) airmheánach (agus meánach) idir seachadadh chuig an gCoimisiún agus lua in IOAE	238 (298)	292 (322)	228 (231)	108 (121)

2.8 Agóidí foirmiúla(Airteagal 11)

In 2015-2019, cuireadh 20 agóid fhoirmiúil in aghaidh HENanna sonracha i láthair i gcomhréir leis na forálacha in Airteagal 11 den Rialachán. Cuireadh trí cinn eile i láthair in 2020[35]. Is é 1084 lá. i.e. 3 bliana, fad meánach na hagóide foirmiúla (an tréimhse idir agóid a chur i láthair agus í a réiteach).

2.9 Fógra a thabhairt d'eagraíochtaí geallsealbhóirí (Airteagal 12)

Tá leathanach gréasáin tiomnaithe[36] bunaithe ag an gCoimisiún le haghaidh na bhfógraí dá dtagraítear in Airteagal 12.

2.10 Sonraíochtaí TFC(Airteagal 13 agus Airteagal 14)

Cuid mhór de na sonraíochtaí teicniúla TFC is coitianta, tá fóraim agus cuibhreannais phríobháideacha tar éis iad a leagan síos le déanaí. Le hAirteagal 13 den Rialachán, ceadaítear don Choimisiún sonraíochtaí teicniúla TFC a shainaithint a bheidh incháilithe chun go ndéanfar tagairt dóibh sa soláthar poiblí. Fágann sé sin go bhfuil níos mó iomaíochta sa

[34]Clúdaíonn sé sin an t-am ar fad a theastaíonn ón gCoimisiún chun meastóireacht a dhéanamh ar dtús ar na HENanna a fhaightear ó na ESOnna agus chun tabhairt ansin faoin nós imeachta inmheánach as a n-eascraíonn lua HENanna san Iris Oifigiúil.

[35] https://ec.europa.eu/growth/single-market/european-standards/notification-system_en#objections

[36] https://ec.europa.eu/growth/single-market/european-standards/notification-system_en

réimse agus laghdaíonn sé an baol go mbeifí glasáilte isteach i gcórais dhílsithe. Foilsíodh liosta oiriúnach ar shuíomh gréasáin an Choimisiúin[37].

Ina theannta sin, caighdeáin choiteanna TFC a bheith ann, is rud é a áirithíonn an idir-inoibritheacht. Tá sé sin ag éirí níos tábhachtaí de réir a chéile mar go bhfuil ag méadú ar an líon gléasanna a bhíonn á nascadh le chéile. Le Teachtaireacht 2016 maidir le Tosaíochtaí um Chaighdeánú TFC[38], tá sé beartaithe ag an gCoimisiún acmhainní agus pobail dar cúram caighdeáin a shocrú, iad a dhíriú a chúig réimse tosaíochta. Leagadh béim arís ar an tábhacht atá le caighdeáin TFC i Straitéis Thionsclaíoch 2020[39].

Cuireadh Ardán Eorpach Il-gheallsealbhóirí um Chaighdeánú TFC[40] ar bun chun comhairle a chur ar an gCoimisiún maidir le ceisteanna a bhaineann le cur chun feidhme an bheartais um chaighdeánú TFC, ceisteanna lena n-áirítear tosaíochtaí a leagan síos, agus sonraíochtaí a shainaithint. Rinneadh breis agus 150 gníomhaíocht a shainaithint agus a ghrúpáil ina réimsí téamacha.

3 ESS a mhaoiniú (Airteagal 15, Airteagal 16 agus Airteagal 17)

Maoiniú an Aontais do na ESOnna agus d'eagraíochtaí Iarscríbhinn III le haghaidh gníomhaíochtaí, is rud é a shainmhínítear faoi Airteagail 15, 16 agus 17 den Rialachán.

In 2015-2019, na deontais ón Aontas le haghaidh gníomhaíochtaí caighdeánúcháin, thart ar EUR 105.3 milliún ba luach iomlán dóibh (EUR 85 milliún a leithdháileadh ar na ESOnna, agus EUR 20 milliún a leithdháileadh ar eagraíochtaí Iarscríbhinn III). Déanann an tAontas agus CSTE cuid de chostais agus de ghníomhaíochtaí na n-eagraíochtaí a chómhaoiniú. Is i bhfoirm deontas oibriúcháin agus deontas gníomhaíochta a dhéantar na deontais a sholáthar. Cuireann na deontais oibriúcháin leis an mbuiséad oibriúcháin chun gur féidir cláir oibre bhliantúla a chur i gcrích, cláir ina sonraítear na gníomhaíochtaí atá beartaithe do gach bliain, i gcomhréir le cuspóirí an Choimisiúin maidir leis an gcaighdeánú. Na deontais oibriúcháin le haghaidh na tréimhse 2015-2019, is deontais iad lena cumhdaíodh réimse leathan gnáth-ghníomhaíochtaí. Leis na deontais ghníomhaíochta maoiníodh gníomhaíochtaí sonracha chun tacú le reachtaíocht agus beartais an Aontais. In 2019, ba é 66% sciar na ndeontas gníomhaíochta den mhaoiniú ar fad ón Aontas chuig na ESOnna agus chuig eagraíochtaí Iarscríbhinn III. Déanann an Coimisiún obair leantach i leith fheidhmiú na ngníomhaíochtaí maoinithe, rud a dhéanann sé trí thuairisciú ó na ESOnna.

I measc na ESOnna, is é CEN an eagraíocht is mó dar tugadh maoiniú ón Aontas, agus thart ar 71% den mhaoiniú iomlán a tugadh do ESOnna in 2015-2019, is dó a tugadh é – is é ESTI atá sa dara háit (22%), agus is é CENELEC atá sa tríú háit (7 %). Na sciartha foriomlána den chistiú iomlán ón Aontas do na ESOnna, cistiú a soláthraíodh le haghaidh deontais

[37] https://ec.europa.eu/growth/single-market/european-standards/ict-standardisation/ict-technical-specifications_en
[38] https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/?uri=CELEX:52016DC0176
[39] https://ec.europa.eu/growth/industry/policy_en - industrial-strategy-2020
[40] https://ec.europa.eu/transparency/expert-groups-register/screen/expert-groups/consult?do=groupDetail.groupDetail&groupID=2758

oibriúcháin agus deontais ghníomhaíochta, d'fhan siad cobhsaí go ginearálta le linn na tréimhse tuairiscithe.

Is é is aidhm don tacaíocht airgeadais a thugtar d'eagraíochtaí Iarscríbhinn III feabhas a chur ar chuimsitheacht a ngrúpaí sainleasa faoi seach i bhforbairt caighdeán, agus is tacaíocht í sin atá tar éis méadú ar an iomlán le 5 bliana anuas. Is iad SBS agus ANEC a fuair na sciartha ba mhó (42.5 % agus 34.5% faoi seach) den mhaoiniú iomlán ón Aontas a soláthraíodh d'eagraíochtaí Iarscríbhinn III idir 2015 agus 2019. Fuair ECOS 15.7 % den mhaoiniú iomlán agus fuair ETUC 7.3 %.

Maidir le simpliú mhaoiniú ESS agus laghdú an ualaigh riaracháin, in 2015, thug an Coimisiún sásra cnapshuime isteach chun costais áirithe a mhaoiniú laistigh dá gcomhaontú deontais, amhail na laethanta cion duine is gá nó costais taistil a tabhaítear. Chabhraigh an sásra sin le laghdú a ualaigh riaracháin a bhaineann le gach cás ar leith de na costais sin a dhlisteanú agus a thaifeadadh.. Mar sin féin, léirigh anailís go raibh tairbhithe éiginnte i gcónaí maidir le cé na taifid is gá le haghaidh iniúchtaí féideartha.

Maidir le ceanglais tuairiscithe, measann na geallsealbhóirí go bhfuil ualach ag baint le roinnt de na gníomhaíochtaí tuairiscithe sin. Is iad dréachtú na bpleananna gníomhaíochta agus na dtuarascálacha maidir leis an deontas oibriúcháin na cúraimí is mó a ghlacann am, agus tá méadú beag tagtha ar na laethanta cion duine is gá ó bhí 2015 ann. Mar sin féin, cé go léiríonn na sonraí tuairiscithe ó na ESOnna go bhfuil méadú tagtha ar an am meánach is gá chun tograí le haghaidh deontais ghníomhaíochta a dhréachtú, léiríonn siad freisin go bhfuil laghdú tagtha ar an am meánach is gá i dtaca leis an tuairisciú maidir le deontais ghníomhaíochta.

4 Conclúidí

An dara tuarascáil seo chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle maidir le cur chun feidhme Rialachán (AE) Uimh. 1025/2012, is tuarascáil í ina léirítear gur tháinig feabhas ar roinnt gnéithe den chóras Eorpach um chaighdeánú – e.g. maidir le huirlisí nua TF – ach go bhféadfaí feabhas a chur ar roinnt réimsí den chóras céanna. Baineann sé sin go háirithe le gnéithe den chuimsitheacht, le ról na NSBanna in ESS agus le ham seachadta na HENanna chuig an gCoimisiún, mar a léirítear thuas.

Maidir leis an am a bhíonn i gceist le próiseáil caighdeán agus táirgí caighdeánúcháin, caithfidh na ESOnna agus an Coimisiún araon leanúint de bheith ag treisiú lena gcuid iarrachtaí chun an éifeachtúlacht a mhéadú, in ainneoin na n-iarrachtaí a rinne an Coimisiún le déanaí chun laghdú mór a dhéanamh ar an am a thógann sé air glacadh a dhéanamh le haghaidh fhoilsiú HENanna.